An tÚdarás Arachas Sláinte
The Health Insurance Authority

# Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

# Bainisteoir Cumarsáide agus Meán

# Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta deiridh: 12 meán lae; 24 Iúil 2026



MHC-38135285-1

**AN POST**

| | |
|---|---|
| **Teideal an phoist:** | **Bainisteoir Cumarsáide agus Meán – Ardoifigeach Feidhmiúcháin** |
| **Seoladh oifige:** | Teach Beaux Lane, Sráid Mercer Íochtarach, Paróiste Pheadair, Baile Átha Cliath 2,D02 DH60 |
| **Suíomh gréasáin na heagraíochta:** | www.hia.ie |

## AN EAGRAÍOCHT

Is é an tÚdarás Árachas Sláinte (an "**tÚdarás**") an rialálaí reachtúil don earnáil árachais sláinte in Éirinn. Tá príomhról ag an Údarás mar rialálaí neamhspleách, mar sholáthraí faisnéise do chustaiméirí, mar chomhairleoir don Aire Sláinte ("**an tAire**") agus mar thaisceánach an Chiste Comhionannaithe Riosca um Árachas Sláinte. Is eagraíocht bheag, dhinimiciúil é an tÚdarás atá tiomanta do bheart de réir a bhriathair a dhéanamh maidir leis an bhfís atá aige do mhargadh árachais sláinte atá ag feidhmiú go maith agus atá follasach, ina dtuigeann tomhaltóirí a gcearta agus ina mbraitheann siad cumasaithe sna cinntí dá gcuid.

Is é ról an Údaráis chun rialáil a dhéanamh ar mhaithe le margadh atá ag feidhmiú go maith agus faisnéis agus uirlisí a chur ar fáil do chustaiméirí ionas gur féidir leo roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh. Tá cúig phríomhluach ag an Údarás lena spreagtar a chuid oibre:

- **Gairmiúlacht:** Cloíonn an tÚdarás leis na caighdeáin eiticiúla is airde agus iompraíonn sé é féin le hionracas, le cúram, agus le meas i ngach ceann dá ghníomhaíochtaí agus ina chuid oibre uile.
- **Sofhreagrúil:** Oibríonn an tÚdarás ar bhealach solúbtha, comhréireach, agus éifeachtúil lena fhoireann agus lena pháirtithe leasmhara d'fhonn na torthaí is fearr a chur ar fáil dá chustaiméirí.
- **Dírithe ar thomhaltóirí:** Tá tomhaltaí ag croílár obair an Údaráis, agus tugann sé tús áite do thomhaltóirí i ngach rud a dhéanann sé.
- **Barr feabhais:** Tá an tÚdarás dírithe ar na torthaí is fearr a sholáthar trí thionchar a chuid saineolais a threisiú agus trí chur chuige fianaisebhunaithe agus comhsheasmhach a ghlacadh maidir lena chuid oibre.
- **Neamhspleáchas:** Cuireann an tÚdarás a fheidhmeanna reachtúla i bhfeidhm ar bhealach neamhchlaonta, cóir agus follasach ar mhaithe le leas an phobail.

### Rialachas

Is comhlacht poiblí é an tÚdarás, atá neamhspleách maidir lena fheidhmeanna reachtúla a chur i bhfeidhm. Chun críocha cuntasachta poiblí, oibríonn an tÚdarás faoi choimirce na Roinne Sláinte ("**an Roinn**"). Déantar an tÚdarás a rialú ag Bord ina gcuimsítear seachtar comhaltaí, agus ceapann an tAire iad.

### Comhthéacs an Cheapacháin

Rinne an Bord an *Plean Straitéiseach do 2025-2028* de chuid an Údaráis a fhaomhadh le déanaí, agus tá na príomhthosaíochtaí a leanas san áireamh leis:

**1 An Tomhaltóir Eolach**

Déanfaidh an tÚdarás tomhaltóirí a chumhachtú roghanna bunaithe ar eolas a dhéanamh maidir lena bpleananna árachais sláinte, trí uirlisí sothuigthe atá ar fáil go héasca chun tacú leo.

**2 Margadh Árachais Sláinte atá ag Feidhmiú go Maith**

Bainfidh an tÚdarás úsáid as a chumhachtaí rialála agus as a chuid saineolais chun margadh atá ag feidhmiú go maith a choimeád, agus aithnítear go bhfuil tionchar mór aige maidir le hárachas sláinte príobháideach.

**3 Ár gCumas agus Ár nAcmhainn**

Cinnteoidh an tÚdarás go bhfuil sé seasmhach agus go bhfuil an cumas agus an acmhainn atá iomchuí aige chun ár bhfeidhmeanna reachtúla a chur i gcrích go héifeachtach, ar bhealach inbhuanaithe, agus ar chaighdeáin arda rialachais chorparáidigh.

Tá faisnéis bhreise maidir leis an Údarás lena n-áirítear foilseacháin agus príomhdhoiciméid ar fáil ag **www.hia.ie**.

## AN RÓL

Agus é nó í freagrach don Cheann Cumarsáide agus Rannpháirtíochta le Páirtithe Leasmhara, beidh príomhról ceannaireachta ag an iarrthóir rathúil maidir le feidhm chumarsáide an Údaráis a chur i gcrích. Is ról leathan agus dinimiciúil é seo lena n-éilítear gairmí cumarsáide a bhfuil taithí aige/aici agus atá ábalta oibriú go muiníneach i gcainéil iomadúla, tosaíochtaí iomaíocha a bhainistiú, agus aschuir ardcháilíochta ar ardchaighdeán comhsheasmhach a bhaint amach.

Éilítear leis an ról duine láidir ildánach a bhfuil taithí aige/aici ar chaidreamh poiblí, na meáin, teicneolaíocht dhigiteach, imeachtaí, suíomhanna gréasáin agus anailísíocht sonraí, mar aon leis an gcumas oibriú go neamhspleách, seasamh chun tosaigh agus bainistíocht éifeachtach laethúil ghníomhaíochtaí cumarsáide na heagraíochta a chinntiú.

Beidh an t-iarrthóir freagrach as bainistíocht laethúil ar shuíomh gréasáin, meán sóisialta an Údaráis, chomh maith le preasráitis, fiosruithe ó na meáin, fiosruithe ó pháirtithe leasmhara, cumarsáid inmheánach agus rianú agus anailísíocht ina leith sin.

Is ról dinimiciúil agus straitéiseach é sin ag obair go dlúth le comhghleacaithe san fhoireann Cumarsáide agus níos leithne ar fud gach leibhéal den eagraíocht, ag plé le soláthraithe agus le páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go mbeidh cruinneas agus cáilíocht na faisnéise ar an gcaighdeán is airde agus chun an t-eispéireas is fearr do chustaiméirí a d'fhéadfadh a bheith ann nuair atá siad ag plé leis an Údarás a chinntiú.

**Príomhfhreagrachtaí:**

- Cur i gcrích oibríochtúil fheidhm chumarsáide an HIA a threorú, ag cinntiú go ndéanfar bainistíocht éifeachtach ar chaidreamh poiblí, caidreamh leis na meáin, na meáin shóisialta, inneachar an tsuímh gréasáin, imeachtaí agus anailísíocht chumarsáide.
- Cur chun feidhme Straitéis Chumarsáide an HIA a spreagadh, ag obair go dlúth leis an gCeann Cumarsáide chun cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach agus chun tacú le haidhm an Údaráis tomhaltóirí feasacha a chumhachtú.
- Feachtais bhliantúla cumarsáide agus feasachta a phleanáil agus a chur i gcrích, lena n-áirítear fógraíocht agus for-rochtain spriocdhírithe, ag cinntiú go bhfuil siad ag teacht le tosaíochtaí eagraíochtúla agus go mbeidh tionchar intomhaiste acu.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt cumarsáide soiléire, inrochtana agus cruinne le tomhaltóirí, lena n-áirítear preasráitis, freagairtí na meán, ábhair páirtithe leasmhara, inneachar an tsuímh gréasáin agus aschuir na meán sóisialta.
- Láithreacht dhigiteach an HIA a bhainistiú agus a fheabhsú go leanúnach, lena n-áirítear an suíomh gréasáin agus cainéil na meán sóisialta, agus fócas a chur ar eispéireas an úsáideora, rannpháirtíocht agus trácht chuig an Uirlis Chomparáide a fheabhsú.
- Gníomhú go réamhghníomhach agus go gairmiúil mar phríomhphointe teagmhála do rannpháirtíocht leis na meáin agus le páirtithe leasmhara, ag bainistiú fiosruithe ó na meáin, iarratais ar agallaimh agus saincheisteanna cumarsáide.
- Caidreamh oibre éifeachtach a chothú agus a choinneáil ar bun le soláthraithe agus páirtithe seachtracha, lena n-áirítear gníomhaireachtaí caidrimh phoiblí agus meán, soláthraithe digiteacha, Ranna Rialtais agus ionadaithe tionscail.
- Úsáid a bhaint as sonraí agus anailísíocht chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht, ag soláthar léargas agus tuarascálacha rialta ar fheidhmíocht na cumarsáide chun tacú le feabhsú leanúnach.

- Bheith i gceannas ar chomhordú rannpháirtíocht an HIA in imeachtaí poiblí agus i ngníomhaíochtaí for-rochtana, ag cinntiú láithreacht láidir agus chomhsheasmhach na heagraíochta.
- Maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú agus foilsiú tuarascálacha agus cumarsáidí tábhachtacha, lena n-áirítear tuarascálacha ráithiúla margaidh, an Tuarascáil Bhliantúil agus ábhair ardphróifíle eile.
- An chumarsáid inmheánach ar fud na heagraíochta a chomhordú, agus soiléireacht, comhsheasmhacht agus ailíniú le teachtaireachtaí na heagraíochta á chinntiú.
- Próisis soláthair, bhuiséadaithe agus riaracháin laistigh den fheidhm Chumarsáide a bhainistiú i gcomhréir le ceanglais rialachais.
- Tacaíocht meán, eagraíochtúil agus rialachais a sholáthar don Fhoireann Ardbhainistíochta, ag cinntiú comhordú agus soláthar éifeachtach aschur a bhaineann le cumarsáid.
- Gníomhú ar leibhéal ard neamhspleáchais, ag ionadú do Cheann na Cumarsáide de réir mar is gá agus úinéireachta ar phríomhréimsí oibre a ghlacadh.

## TAITHÍ AGUS CÁILÍOCHTAÍ PEARSANTA A THEASTAÍONN

### An Duine

Beidh an t-iarrthóir rathúil ina g(h)airmí cumarsáide a bhfuil taithí aige nó aici agus a bhfuil cumas cruthaithe aige nó aici oibriú i réimse leathan disciplíní cumarsáide. Beidh sé nó sí an-eagraithe, réamhghníomhach agus dírithe ar réitigh, agus beidh an mhuinín aige nó aici chun éilimh iomaíocha a bhainistiú agus torthaí a bhaint amach go neamhspleách.
Léireoidh sé nó sí breithiúnas fónta, aird láidir ar mhionsonraí agus beidh an cumas aige nó aici faisnéis chasta a aistriú go cumarsáid shoiléir, shuimiúil do spriocphobail éagsúla.

### Bunriachtanais

- 3 bliana ar a laghad ag obair i ról sinsearach cumarsáide, agus taithí a bheith aige nó aici ar chaidreamh poiblí, ar na meáin, ar chumarsáid dhigiteach agus ar chumarsáid le páirtithe leasmhara i dtimpeallacht dhúshlánach.
- Taithí léirithe ar scéalaíocht, ar fhorbairt insinte agus ar rannpháirtíocht, agus aird láidir ar mhionsonraí agus an cumas ábhar cruinn, suimiúil a chruthú ar fud cainéil iomadúla, lena n-áirítear ardáin caidrimh phoiblí, meán sóisialta agus dhigiteacha.
- Scileanna láidre eagrúcháin agus pleanála, agus an cumas tosaíochtaí iomaíocha a bhainistiú agus spriocdhátaí dochta a chomhlíonadh.
- Taithí fhairsing ar bheith ag obair le soláthraithe seachtracha (e.g. gníomhaireachtaí caidrimh phoiblí, na meán, digiteacha nó deartha).
- Cumas léirithe oibriú as a stuaim féin, úinéireacht a ghlacadh ar chláir oibre agus réitigh a shainaithint go réamhghníomhach.

### Riachtanais Inmhianaithe

- Leibhéal 8 i gcumarsáid, margaíocht nó disciplín comhchosúil
- Tuiscint mhaith ar an tionscal árachais sláinte nó ar thimpeallacht rialáilte nó taithí ar a bheith ag obair san earnáil phoiblí

### Gearrliostú

Bainfear úsáid as beart gearrliostaithe agus incháilitheacht iarratas á measúnú. Déanfar gearrliosta d'iarratais incháilithe de réir cé chomh maith agus a chomhlíonann an taithí agus na scileanna, mar a chuireann na hiarratasóirí síos orthu, riachtanais ról an Bhainisteora Cumarsáide agus Meán – Ardoifigeach Feidhmiúcháin

Beidh na critéir don bheart gearrliostaithe bunaithe ar an bhfaisnéis atá leagtha amach sa Leabhrán d'Iarrthóirí seo. Tá sé tábhachtach go gcuireann iarrthóirí an fhaisnéis sa Leabhrán d'Iarrthóirí seo san áireamh agus a gcuid cáilíochtaí ábhartha, scileanna agus taithí á gcur ar fáil ina n-iarratas.

Déanfar na hiarrthóirí a bhfuil a n-iarratais oiriúnach don phost ar an dóigh is fearr, i dtuairim an phainéil ghearrliostaithe, a ghearrliostú le haghaidh agallaimh.

### Agallamh

Tabharfar cuireadh d'iarrthóirí gearrliostaithe freastal ar agallamh ar bhonn inniúlachta.

Coimeádann an tÚdarás an ceart cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí teacht chuig agallamh i ndara babhta agus chun dul faoi mheasúnú breise, lena n-áirítear úsáid measúnaithe shíciméadraigh más gá.

Táthar ag súil go mbeidh an chéad bhabhta d'agallaimh ar siúl i mí Lúnasa 2026.

## COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE

### TIONACHT

Is post buan é an post. Déanfar an ceapachán ar bhonn buan mar sheirbhíseach poiblí, faoi réir ag críochnú sásúil na tréimhse promhaidh atá sonraithe.

### PROMHADH

Ní mór don iarrthóir rathúil tréimhse phromhaidh a chur isteach a mhairfidh sé mhí agus le linn na tréimhse sin, déanfar feidhmíocht an iarrthóra a mheasúnú. D'fhéadfaí an tréimhse phromhaidh a shíneadh i gcúinsí eisceachtúla.

### AN TUARASTAL AGUS SOCRUITHE ÍOCAÍOCHTA

Tá an scála tuarastail don phost (rátaí i bhfeidhm ón 1 Meitheamh 2026) ar leibhéal Ardoifigigh Fheidhmiúcháin (RPP) mar a leanas:

**€60,029, €61,785, €63,537, €65,286, €67,044, €68,792, €70,547, €73,077[1], €76,546[2].**

*D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (IFS-1) agus 6 bliana (IFS-2) de sheirbhís shásúil ar uasráta an scála.*

**<u>Nóta Tábhachtach</u>**

Beidh iontráil ar leibhéal íosta an scála agus ní bheidh ráta na híocaíochta faoi réir ag idirbheartaíocht agus d'fhéadfaí é a choigeartú ó am go ham ar aon dul le beartas pá an rialtais.

D'fhéadfadh pá éagsúil agus coinníollacha éagsúla a bheith infheidhme más é an cás, go díreach roimh an gceapachán, go bhfuil an t-iarrthóir rathúil ina státseirbhíseach nó ina s(h)eirbhíseach poiblí cheana féin. D'fhéadfaí ráta na híocaíochta a choigeartú ó am go ham ar aon dul le beartas pá an rialtais.

Déanfar íocaíocht gach mí i riaráiste trí ríomhaistriú airgid (RAA) i gcuntas bainc de rogha an bhaill foirne. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go gcuirtear uimhir cuntais bainc agus cód sórtála bainc ar fáil don Údarás. Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is iomchuí.

Aontóidh ball foirne a cheaptar don phost mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin gur féidir aon ró-íocaíocht tuarastail nó costas taistil agus cothaithe a asbhaint as íocaíochtaí tuarastail sa todhchaí atá dlite i gcomhréir leis an Acht um Íoc Pá 1991. Cuirfear a leithéid de ró-íocaíocht in iúl don bhall foirne i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha comhaontaithe.

### LÁTHAIR

Tá an ról lonnaithe in oifig an Údaráis ag Teach Beaux Lane, Sráid Mercer Íochtarach, Paróiste Pheadair, Baile Átha Cliath 2. Coimeádann an tÚdarás an ceart, de réir a rogha féin, an láthair phríomhúil a athrú go háit ar bith eile in Éirinn.

Cuireann an tÚdarás fleisc-am ar fáil, agus tá treoirlínte maidir le hObair Chumaisc i bhfeidhm againn lena ligfear d'fhostaithe iarratas a dhéanamh ar Obair Chumaisc (meascán d'obair san oifig agus de chianobair). Tá roinnt tacaíochtaí nach beag curtha i bhfeidhm ag an Údarás chun eispéireas na cianoibre a dhéanamh chomh saoráideach agus is féidir. Tá bonneagar TF nua-aimseartha ag an Údarás chun cuidiú le comhghleacaithe comhoibriú go fíorúil, cuireann sé an trealamh ar fáil do chomhghleacaithe a dteastóidh uathu agus chuir sé bealaí oibre nua i bhfeidhm leis d'fhonn na daoine dá chuid a choinneáil nasctha.

## OILIÚINT BHUNRIACHTANACH

Beidh ar an sealbhóir poist dul faoin oiliúint bhunriachtanach a leanas maidir le comhlíontacht:

- Ionduchtúchán HIA
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Cosaint Sonraí (RGCS)
- Feasacht ar Chibearshlándáil
- Litearthacht um IS Giniúnach
- Deimhniú APA (Comhairle maidir le Táirgí Árachais) (CIP-01[Deimhniú um Chleachtadh Árachais], CIP-02 agus CIP-05)

## SEACHTAIN OIBRE

Socróidh an tÚdarás na huaireanta freastail ag an obair ó am go ham agus beidh 35 uair an chloig ghlana iontu in aghaidh na seachtaine. Is iad na gnáthuaireanta oibre a bheidh ann ná 9.00 r.n. go 5.00 i.n. agus beidh 30 nóiméad ar a laghad ann don lón. Tá scéim uaireanta solúbtha i bhfeidhm ag an Údarás. Beidh ort a leithéid d'uaireanta breise a oibriú ó am go ham agus a d'fhéadfadh a bheith réasúnta agus riachtanach chun do chuid dualgas a chur i bhfeidhm go ceart faoi réir ag na teorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre. Sa ráta íocaíochta iníoctha, clúdaítear dliteanas freastail bhreise ar bith a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

Beidh téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997 infheidhme, nuair is iomchuí, maidir leis an gceapachán seo.

## SAOIRE BHLIANTÚIL

Is é an liúntas saoire bliantúla don phost seo ná 29 lá oibre in aghaidh na bliana (ar bhonn pro rata) a bheidh le glacadh ag am nó ag amanna atá feiliúnach don Údarás.

## SAOIRE BHREOITEACHTA

D'fhéadfaí íocaíocht a dhéanamh as tréimhse neamhláithreachta mar thoradh ar bhreoiteacht, le linn neamhláithreacht bhreoiteachta atá deimhnithe, ar an gcoinníoll nach bhfuil fianaise ar bith ann ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i gcomhréir le forálacha scéim saoire breoiteachta an Údaráis. Tá na socruithe saoire breoiteachta sin faoi réir ag athruithe ar bith a thiocfadh chun cinn i dtéarmaí agus coinníollacha na saoire breoiteachta maidir leis an tseirbhís phoiblí i gcoitinne.

## AOISLIÚNTAS

Éireoidh an t-iarrthóir rathúil, ar cheapachán, ina b(h)all den scéim pinsin iomchuí. Cuirfear ballraíocht i scéim pinsin in iúl laistigh den chonradh fostaíochta.

### Caitheamh le Seirbhísigh Phoiblí Reatha maidir le Pinsean

Cé go bhfuil ballraíocht i Scéim Aonair san áireamh leis na téarmaí pinsin réamhshocraithe, de réir mar atá leagtha amach sna hailt roimhe seo, b'fhéidir nach mbeidh sé sin infheidhme maidir le ceapaithe áirithe. Tá sonraí iomlána na gcoinníollacha lena rialaítear cé acu an bhfuil nó nach bhfuil seirbhíseach poiblí ina b(h)all de Scéim Aonair tugtha san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha eile) 2012. Ach is é an t-aon chás eisceachta ar leith, áfach, (i gcomhthéacs an chomórtais seo agus go ginearálta), nach n-éireodh iarrthóir rathúil a d'oibrigh i gcáil inphinsin (téarmaí nach mbaineann le scéim aonair) sa tseirbhís phoiblí laistigh de 26 seachtaine roimh cheapachán a ghlacadh, ina b(h)all sa Scéim Aonair go hiondúil. Sa chás sin, ina ionad sin, más infheidhme, chuirfí ballraíocht i Scéim Aoisliúntais Fhoireann an Údaráis Árachas Sláinte agus i Scéim Pinsin do Chéilí agus Leanaí ghaolmhar dá chuid ar fáil dá leithéid d'iarrthóir. Mar thoradh air sin bheadh na forálacha

lacáiste thuas infheidhme, agus sa bhreis air sin tá impleachtaí ann maidir le fabhrú pinsin mar atá achoimrithe thíos:

.

### Incháilitheacht dul san Iomaíocht

Incháilitheacht dul san Iomaíocht agus Srianta Áirithe ar Incháilitheacht. Ní foláir nó go mbaineann na nithe a leanas le hiarrthóirí incháilithe: (a) Saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó (b) Saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe (RA); nó (c) Saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó (d) Saoránach neamh-LEE atá ina c(h)éile nó ina leanbh Shaoránach de chuid an LEE nó na RA nó na hEilvéise agus a bhfuil víosa Stampa 4 nó Stampa 5 aige/aici.

### Dearbhú

Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú cé acu ar bhain nó nár bhain siad leas as scéim luathscoir dhreasaithe de chuid na seirbhíse poiblí nó as an gcomhaontú comhchoiteann atá sonraithe thuas nó as an dá rud araon. Iarrfar ar iarratasóirí freisin teidlíochtaí ar bith a dhearbhú maidir le sochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (atá á n-íoc nó coinnithe) ó fhostaíocht eile ar bith sa tSeirbhís Phoiblí agus nuair a fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith na Seirbhíse Poiblí.

## COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA EILE

Déanfar faisnéis bhreise maidir le coinníollacha fostaíochta a shonrú sa chonradh fostaíochta don iarrthóir rathúil.

## CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

Ba cheart iarratais a chur isteach le ríomhphost roimh an spriocdháta chuig cam@hia.ie. Ba cheart d'Iarratasóirí foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach (atá ar fáil ag hia.ie) ina sonraítear a n-oiriúnacht don phost.

**Ba cheart an fhoirm iarratais a sheoladh trí ríomhphost i bhformáid Word nó pdf.**

Ní mór na nithe a leanas a bheith san áireamh le hiarratais a chuirtear isteach le ríomhphost, roimh an spriocdháta:

1 Agus d'iarratas á ullmhú agat, déan machnamh ar na critéir bhunriachtanacha agus inmhianaithe don phost seo atá sonraithe sa Leabhrán d'Iarrthóirí.
2 Ba cheart ceisteanna ar bith a sheoladh chuig Catherine O'Reilly cam@hia.ie

### Dáta Deiridh

**Spriocdháta chun iarratas a dhéanamh: 12pm (Meán lae) 24 Iúil 2026**

**Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta dheiridh.**
Tabhair faoi deara go bhféadfaí agallaimh a reáchtáil go cianda agus bogearraí Físchomhdhála á n-úsáid.

### Inniúlachtaí

Féach thíos na hinniúlachtaí a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil ar na hinniúlachtaí a liostaítear in Aguisín 1 den Leabhrán d'Iarrthóirí.

## SEICEÁLACHA TEISTIMÉIREACHTAÍ

Tabhair faoi deara go mbeidh tairiscint fostaíochta ar bith a dhéanfar don iarrthóir rathúil faoi réir ag deimhniú sásúil teistiméireachtaí, ag seiceálacha réamhfhostaíochta agus ag deimhniú sásúil cáilíochtaí acadúla agus gairmiúla.

## RÚNDACHT

Tabharfar meas ar rúndacht i leith iarrthóirí ag gach céim den phróiseas earcaíochta. Ba cheart d'iarratasóirí a thabhairt faoi deara, áfach, go gcuirfear ábhar uile an iarratais ar fáil dóibh siúd a bhfuil freagracht dhíreach acu as an bpróiseas earcaíochta laistigh den Údarás.

## COMHLÍONTACHT DHLÍTHIÚIL

Tá an tÚdarás tiomanta don reachtaíocht ábhartha uile a chomhlíonadh thar chúrsa an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015, an tAcht um Chosaint Sonraí 2018, agus na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise,1997, 2003 agus 2014.

## COSTAIS

Ní bheidh an tÚdarás freagrach as costas ar bith, lena n-áirítear costais taistil, a bhféadfadh iarrthóirí iad a thabhú maidir lena n-iarrthóireacht.

## CANBHASÁIL

Dícháileofar iarrthóirí ón gcomórtas mar thoradh ar chanbhasáil.

**Aguisín 1**

**Inniúlachtaí Ardleibhéil Oifigigh Feidhmiúcháin san HIA**

**Réamhrá**

Leagtar amach sa chreat seo na croí-inniúlachtaí agus na táscairí feidhmíochta éifeachtaí a bhfuiltear ag súil leo ó Ardoifigigh Feidhmiúcháin laistigh den Údarás Árachas Sláinte (HIA). Tá sé ceaptha chun tacú le hardchaighdeáin feidhmíochta, forbairt ghairmiúil, agus soláthar sheirbhís den scoth don phobal.

**Táscairí Feidhmíochta Éifeachtaí**

**Ceannaireacht Foirne**

- Oibrítear leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a éascú, cuspóirí soiléire agus réadúla a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna feidhmíochta má thagann siad chun cinn.
- Cuirtear faisnéis agus comhairle shoiléir ar fáil maidir leis an méid atá ag teastáil ón bhfoireann.
- Déantar iarracht bealaí nua oibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm go héifeachtach chun cuspóirí a bhaint amach.
- Treoraítear an fhoireann le dea-shampla, ag cur oiliúint ar agus ag tacú le daoine aonair de réir mar is gá.
- Cuirtear tábhacht mhór ar fhorbairt foirne, ar oiliúint agus ar scileanna agus ar acmhainneacht na foirne a uasmhéadú.
- Táthar solúbtha agus toilteanach oiriúnú, agus rannchuidiú dearfach a dhéanamh le cur i bhfeidhm athraithe.

**Breithiúnas, Anailís agus Déanamh Cinntí**

- Bailítear agus déantar anailís ar fhaisnéis ó fhoinsí ábhartha, bíodh siad airgeadais, uimhriúla nó eile agus réimse fachtóirí ríthábhachtacha a mheas.
- Cuirtear saincheisteanna níos leithne, cláir oibre, íogaireachtaí agus impleachtaí gaolmhara san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici.
- Úsáidtear eolas agus taithí roimhe seo chun cinntí a threorú.
- Úsáidtear breithiúnas chun cinntí ciallmhara a dhéanamh le réasúnaíocht mhaith agus seastar leo.
- Cuirtear réitigh chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna.

**Bainistiú agus Soláthar Torthaí**

- Glactar le freagracht agus táthar cuntasach as na cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach.
- Bainistítear réimse tionscadal agus gníomhaíochtaí oibre éagsúla go rathúil ag an am céanna.
- Leagtar amach agus eagraítear a c(h)uid oibre féin agus obair daoine eile go héifeachtach.
- Cur chuige loighciúil agus praiticiúil ag an té, agus na torthaí is fearr is féidir a bhaint amach leis na hacmhainní atá ar fáil.
- Déantar an obair a tharmligean go héifeachtach, agus faisnéis agus fianaise shoiléir á cur ar fáil maidir leis an méid atá de dhíth.
- Sainaithnítear go réamhghníomhach réimsí le haghaidh feabhsúcháin agus forbraítear moltaí praiticiúla chun iad a chur i bhfeidhm.
- Léirítear díograis i leith forbairtí nua agus cleachtais oibre atá ag athrú, agus déantar iarracht na hathruithe seo a chur i bhfeidhm go héifeachtach.
- Cuirtear córais agus próisis chuí i bhfeidhm chun go bhféadfar seiceáil cáilíochta a dhéanamh ar gach gníomhaíocht agus aschur.

- Cleachtar agus cuirtear béim láidir ar sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí, agus do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Tógtar agus coinnítear teagmháil le comhghleacaithe agus le páirtithe leasmhara eile chun cabhrú leis an ról a chomhlíonadh.
- Feidhmítear mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus lucht ardbhainistíochta.
- Spreagtar comhráite oscailte agus fiúntacha ar shaincheisteanna oibre.
- Léirítear muinín, ag fáil ceannach isteach trí fhaisnéis ábhartha a leagan amach agus na sochair a dhíol.
- Caitear le daoine eile le stuaim, le tuiscint, le cúirtéis agus le meas, fiú i gcúinsí dúshlánacha.
- Cuirtear faisnéis i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach ó bhéal agus i scríbhinn.
- Comhoibrítear agus tacaítear le comhghleacaithe chun spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach.

**Eolas Speisialaithe, Saineolas agus Féinfhorbairt**

- Tuiscint shoiléir aige/aici ar róil, ar chuspóirí agus ar spriocanna an duine féin agus na foirne, agus an chaoi a n-oireann siad d'obair an aonaid agus an HIA agus cuirtear an méid seo in iúl go héifeachtach do dhaoine eile.
- Ardleibhéil saineolais agus eolas fairsing ar an earnáil phoiblí a bhaineann lena réimse oibre.
- Dírítear ar fhéinfhorbairt, ag iarraidh feidhmíocht a fheabhsú.

**Treallús agus Tiomantas**

- Déantar iarracht feidhmiú ar ardleibhéal, ag infheistiú fuinnimh shuntasaigh chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach.
- Léirítear athléimneacht i ainneoin cúinsí dúshlánacha agus éileamh ard.
- Táthar iontaofa go pearsanta agus is féidir brath air/uirthi.
- Cinntítear go bhfuil custaiméirí i gcroílár na seirbhísí uile a chuirtear ar fáil.
- Seastar le hardchaighdeáin macántachta, eitice agus ionracais.